**DEARBHÚ MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ**
**CEISTNEOIR MAC LÉINN TIMSS 2027**

Baineann an t-eolas a sholáthraítear thíos le sonraí TIMSS 2027.

**Aitheantas agus sonraí teagmhála na rialaitheoirí:**
An Foras Taighde ar Oideachas ( "FTO" anseo feasta)
DCU - Campas Choláiste Phádraig
Bóthar Dhroim Conrach Uachtarach
Baile Átha Cliath 9
D09 AN2F
Éire
Guthán: +353 1 837 3789
Ríomhphost: timss.ireland@erc.ie

agus

Stichting I.E.A. Secretariaat Nederland ( "IEA" anseo feasta)
Keizersgracht 311
1016 EE Amsterdam
The Netherlands
Guthán: +31 20 625 3625
Ríomhphost: secretariat@iea.nl

Tá comhaontú comhrialaitheoirí socraithe ag an FTO agus IEA, a rialaíonn a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

**Oifigeach Cosanta Sonraí**
Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí an FTO ag: data.protection@erc.ie
Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí IEA ag: dataprotection@iea.nl

**Cén cuspóir a bhaineann le bailiú agus le próiseáil sonraí?**
Is do chuspóirí taighde eolaíoch amháin a úsáidtear na sonraí a bhailítear i rith an staidéir, Trends in International Mathematics and Science Study (TIMSS) 2027. Is tionscadal taighde ar oideachas é TIMSS, urraithe ag an gCumann Idirnáisiúnta um Measúnú Gnóthachtála Oideachais (IEA).

Is é an FTO a reáchtálann TIMSS in Éirinn ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Óige, agus thar ceann na Roinne Oideachais agus Óige. Tá sé seo i gcomhréir le ceann de na a leagadh amach in Ordú Bunaithe an FTO mar chomhlacht reachtúil (tá sé seo le feiceáil, ina iomláine, ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/en/print). Is é bunús dlíthiúil an FTO chun sonraí pearsanta a phróiseáil de réir RGCS (Airteagal 6).

**Cén t-eolas a iarrtar?**
Tugtar cuireadh do mhic léinn sna ranganna roghnaithe do TIMSS measúnú TIMSS 2027 a chomhlánú chun eolas a chur ar fáil don staidéar maidir le gnóthachtáil mac léinn sa mhatamaitic agus san eolaíocht.

Iarrtar freisin ar na mic léinn, sna ranganna sin atá rannpháirteach in TIMSS, Ceistneoir Comhthéacs Mac Léinn TIMSS 2027 a chomhlánú chun eolas a chur ar fáil don staidéar maidir le hinscne, aois, mí, bliain, tír dhúchais na mac léinn, tír dhúchais a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (do mhic léinn an Dara Bliain amháin), an leibhéal oideachais is airde ag a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (do mhic léinn an Dara Bliain amháin), áiseanna baile, teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, agus tuairimí maidir le timpeallacht na scoile agus ceachtanna matamaitice agus eolaíochta.

- Chun a bheith cinnte de go bhfuil TIMSS bunaithe ar shamplaí de mhic léinn agus de scoileanna a roghnaíodh go heolaíoch, glactar leis go gcomhoibreoidh scoileanna le reáchtáil TIMSS ina scoil féin i gcás go n-iarrfar orthu amhlaidh a dhéanamh (Ciorclán na Roinne Oideachais 0025/2025).
- Ní chuirfear mic léinn faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith i gcás nach gcomhlánaítear an ceistneoir, agus tá cead ag freagróirí léim thar cheisteanna aonair nó éirí as ceisteanna a fhreagairt in am ar bith.
- Má líontar isteach agus má sheoltar ar ais ceistneoir comhlánaithe, toilíonn rannpháirtí an staidéir le bailiú agus próiseáil a gcuid sonraí laistigh den cheistneoir.
- Is féidir le haon rannpháirtí a dtoiliú maidir le próiseáil sonraí a tharraingt siar gan fáth a thabhairt suas le 4 seachtaine tar éis reáchtáil na dtástálacha.
- Is féidir le haon rannpháirtí, a dteastaíonn uathu a gcuid eolais a tharraingt amach nó a athrú, dul i dteagmháil leis an FTO (ag +353 1 837 3789 nó timss.ireland@erc.ie ). Má tharraingíonn duine amach as an staidéar, ní bhaileofar aon sonraí breise don duine sin. Coimeádtar roinnt eolais ar tharraingt amach agus ar eisiamh chun an sampla a bhailíochtú agus chun eolas a chur ar fáil do riarachán sa todhchaí (e.g., le feiceáil an bhfuil baol níos mó ann go dtarraingeodh cailíní amach as rannpháirtíocht sa staidéar).

Is féidir ceisteanna maidir le cosaint sonraí pearsanta a sheoladh chuig Oifigeach um Chosaint Sonraí an FTO (data.protection@erc.ie).

**Cén saghas sonraí a bhailítear?**

Bailítear agus stóráiltear sonraí ó fhreagraí ar cheisteanna a sholáthraíonn mac léinn a ghlacann páirt in TIMSS 2027.

Is mar uimhreacha a chuirtear na roghanna in iúl (ceist ilrogha, mar shampla) nó mar luachanna (figiúr do líon na mac léinn sa spriocghrád). Sábháiltear sonraí go leictreonach i bhfoirm sonraí loma. Anuas air sin, bailíonn TIMSS 2027 sonraí gnóthachtála ó mhic léinn rannpháirteacha mar uimhreacha ag cur na roghanna in iúl (ceist ilrogha, mar shampla) nó mar théacs (freagra díreach ar cheist nó líníochtaí ar cheist, mar shampla). Trasfhoirmítear an t-eolas seo freisin go sonraí scóráilte sábháilte go leictreonach, i.e., a gcoibhéis uimhriúil.

Baileofar gach Bileog Logála Isteach, bileoga bána san áireamh, i ndiaidh an mheasúnaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar na cineálacha obair gharbh a sholáthraíonn mic léinn i rith TIMSS agus cibé an dtugann sé seo léargas ar a gcur chuige i leith an mheasúnaithe.

Is iad RM agus IEA a stórálann na sonraí gnóthachtála.

Mar go ndéantar ceistneoirí comhthéacs mac léinn TIMSS 2027 a riaradh go leictreonach, stóráiltear eolas maidir le ham logála isteach agus eolas ar an ngléas (do gach logáil isteach), freagraí agus stair na bhfreagraí do gach ceist, stampaí ama san áireamh, agus cibé ar seoladh isteach an ceistneoir nó nár seoladh. Anuas air sin, gabhtar na sonraí logála seo a leanas: gach

imeacht nascleanúna; gach clic ar thicbhosca/chnaipe raidió; gach rogha i roghchlár anuas; fócas (an cúrsóir a chur sa bhosca) agus doiléire (an cúrsóir a chur lasmuigh den bhosca).

Mar go gcuireann Éire measúnú TIMSS 2027 i bhfeidhm go leictreonach (ag úsáid StudyExpert IEA agus RM Assessment Master), bailíonn agus stórálann na bogearraí cineálacha éagsúla sonraí ag brath ar an mbealach a ndéanann mic léinn idirghníomhú leo.

Bailítear trí chineál ginearálta sonraí: Amhshonraí freagairtí (1), sonraí imeachta a bhaineann le próiseas (2) agus sonraí córais (3).

Bailítear agus stóráiltear amhshonraí freagairtí (1) i rith bailiú sonraí. I gcéim próiseáil sonraí ina dhiaidh sin, athraítear iad go dtí a gcoibhéis uimhriúil, na sonraí scóráilte.

Mar aon leis na sonraí freagairtí, bailítear sonraí imeachta a bhaineann le próiseas (2), agus sonraí córais (3) i rith an mheasúnaithe, lena stampaí ama comhfhreagracha.

Cuimsíonn stóráil sonraí imeachta a bhaineann le próiseas (2) stóráil mionsonraí logála isteach, i.e., am na logála isteach, am na logála amach nó am istigh maidir le codanna an mheasúnaithe, imeachtaí nascleanúna, agus úsáid uirlísí.

Logáiltear sonraí imeachta (2) leis na hamhshonraí freagairtí (1) agus tar éis an tiontaithe, is cuid den tacar sonraí iad sonraí imeachta agus sonraí logála a cheadaíonn do IEA anailís a dhéanamh ar an mbealach a n-idirghníomhaíonn mic léinn leis an measúnú.

Chomh maith leis sin, bailíonn an Assessment Master sonraí an chórais (3), i.e., leagan an bhrabhsálaí. Stóráiltear iad seo sa chaoi gur féidir le IEA seiceáil go raibh na dálaí amhairc ina ndearnadh an measúnú feiliúnach.

Ní féidir an t-eolas a bhailítear ó na rannpháirtithe, ann féin, a úsáid chun freagróirí aonair a aithint as a n-ainm. Úsáidtear córas AU idirnáisiúnta chun gach freagróir (príomhoidí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí, mic léinn) a aithint go huathúil. Bailíonn an FTO ainmneacha na bhfreagróirí. Ach ní roinntear ainmneacha na bhfreagróirí le IEA ná le haon tríú páirtí. Soláthraíonn IEA na bogearraí don FTO, chomh maith leis an eolas ar fad atá riachtanach chun gur féidir leis an FTO sonraí anaithnidithe a chur isteach.

**Cén áit, conas agus cén fad a dhéantar sonraí ó TIMSS a stóráil?**

Stóráiltear sonraí TIMSS 2027 go slán i bhfoirm anaithnidithe, is é sin, déantar iad a phróiseáil ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a lua níos mó le duine ar leith is ábhar do na sonraí gan eolas breise a úsáid (coimeádtar aon eolas breise dá leithéid as féin agus é faoi réir ag bearta teicniúla agus eagraíochtúla le cinntiú nach luaitear na sonraí pearsanta le duine nádúrtha aitheanta ná inaitheanta). Ní féidir le haon duine seachtrach, ná le haon chóras seachtrach, rochtain a fháil ar na sonraí seo. Anuas air sin, tugadh faisnéis chuí d'aon fhostaí leis an FTO nó IEA a bhfuil rochtain acu ar na sonraí i gcomhair próiseála maidir le cad is ionramháil inghlactha sonraí ann agus tá comhaontú rúndachta sínithe acu.

Is mar seo a stóráiltear na sonraí:

Stóráiltear sonraí freagairtí ar feadh tréimhse ama gan téarma sa chaoi go mbeidh siad ar fáil d'anailís. Sa deireadh, tiocfaidh bunachar sonraí as na freagairtí seo a cheadóidh do lucht taighde córais oideachais ar fud na cruinne a chur i gcomparáid (féach inrochtaineacht phoiblí thíos).

1) Bailítear agus stóráiltear sonraí gnóthachtála mac léinn  ón tástáil allamuigh (RM Education Limited), cúltacaí san áireamh, ar fhreastalaí AWS san AE. Maidir leis an bPríomhstaidéar, bailítear agus stóráiltear sonraí gnóthachtála mac léinn (RM Education Limited), cúltacaí san áireamh, ar fhreastalaí Microsoft Azure san AE.

2) Bailítear agus stóráiltear sonraí ceistneoirí (IEA),  cúltacaí san áireamh, ar fhreastalaithe AWS a óstáiltear san AE. Is laistigh den AE a óstálann Microsoft freastalaí SharePoint IEA, áit a uaslódálann tíortha sonraí WinW3S agus sonraí ó ionstraimí páipéir.

Stórálann RM agus IEA na sonraí gnóthachtála.

Stóráiltear na Bileoga Logála Isteach go slán ag an FTO agus scriostar iad faoi rún laistigh d'aon bhliain amháin.

Na sonraí uile a thagann le haghaidh próiseáil sonraí, seoltar iad i bhfoirm anaithnidithe, i.e., gan ainmneacha na bhfreagróirí – ní úsáidtear ach córas idirnáisiúnta randamach AU.

**Cé leis agus conas a roinntear sonraí ó TIMSS?**
Cuireann IEA amach ar fochonradh feidhmiú idirnáisiúnta TIMSS 2027 chuig an International Study Centre (ISC) lonnaithe ag Boston College, SAM, ISC anseo feasta. Roinneann IEA na sonraí anaithnidithe leis an ISC trí fhreastalaí slán SharePoint. Déanann an ISC anailís ar na sonraí bailithe in TIMSS 2027 agus cuireann siad an Tuarascáil Idirnáisiúnta ar fáil. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag fostaithe an ISC a bhfuil rochtain acu ar na sonraí chun anailís a dhéanamh.

Tá an Mheasúnacht Tionchair um Aistriú Sonraí riachtanach déanta ag IEA maidir le traschur sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Braitheann IEA ar Chlásail Chonarthacha Chaighdeánacha an CE (Modúl II: Rialaitheoir go Próiseálaí) maidir le sonraí pearsanta anaithnidithe a thraschur go SAM.

Roinneann an ISC na sonraí anaithnidithe le RTI ar mhaithe le sampláil scoileanna. Is fophróiseálaí údaraithe é RTI in SAM. Úsáideann IEA freastalaí slán SharePoint chun na sonraí a thraschur. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag fostaithe RTI a mbíonn rochtain acu ar na sonraí chun anailís a dhéanamh.

Cuireann IEA amach ar fochonradh riarachán an mheasúnaithe chuig RM Education Limited (An Ríocht Aontaithe), a bhfuil SoNET Systems Pty Ltd (Australia), agus RM Education Solutions (An India) Pvt. Ltd i measc a gcleamhnaithe.

Mar go bhfuil RM Education Limited lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, maidir le traschur sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, braitheann IEA ar chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cosaint dhóthanach na Ríochta Aontaithe ar shonraí pearsanta, inar fhógair an Coimisiún Eorpach go dtairgeann an Ríocht Aontaithe leibhéal dóthanach cosaint sonraí, agus nach bhfuil gá le bearta breise do thraschur sonraí. Sa chás go n-athraíonn dearcadh an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis seo tar éis Measúnacht Tionchair um Aistriú Sonraí a dhéanamh, cuirfidh IEA deireadh le Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha an CE (Modúl II: Rialaitheoir go Próiseálaí) maidir le sonraí pearsanta anaithnidithe a thraschur go dtí an Ríocht Aontaithe.

Tá rochtain fostaithe SoNET agus RM, ag feidhmiú mar phróiseálaí sonraí, teoranta go grúpa ar leith den fhoireann, ar gá dóibh rochtain a bheith acu chun cúram a dhéanamh de thimpeallacht an fheidhmchláir agus den timpeallacht ar líne. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag na fostaithe seo de chuid SoNet agus RM.

Roinneann IEA na sonraí anaithnidithe freisin leis an FTO agus le tíortha rannpháirteacha eile, ag úsáid freastalaí slán SharePoint.

I gcás TIMSS 2027, cuirfidh an ISC, i gcomhpháirt le IEA, scóráil uathoibrithe bunaithe ar IS (SU) i bhfeidhm d'fho-thacar de mhíreanna freagra comhthógtha (FC), comhuaineach leis an scóráil dhaonna a dhéantar i ngach tír/córas oideachais. OpenAI, LLC a sholáthraíonn an gléas bunaithe ar IS don phróiseáil teanga. Tá Aguisín um Próiseáil Sonraí foirmiúil agus comhlíontach ó thaobh RGCS de, faighte ag an ISC, lena gcomhaontú le OpenAI. Is conradh é seo nach n-úsáidfidh ná nach stórálfaidh OpenAI na sonraí do thraenáil ná feabhsú samhlacha. Tugann sé téarmaí soiléire maidir le próiseáil, smacht ar rochtain, agus scriosadh sonraí ag teacht le RGCS.

Freagairtí amháin ar na míreanna FC a sholáthraítear don fhophróiseálaí OpenAI, gan aon fhaisnéis inaitheanta phearsanta (PII).

**Sonraí gaolmhara**
Mar aon leis na mic léinn, iarrtar ar mhúinteoirí, príomhoidí, agus tuismitheoirí ceistneoirí comhthéacs a chomhlánú. Nasctar eolas a bhailítear ó na foinsí uile, agus beidh an t-eolas nasctha seo sa leagan deiridh den bhunachar sonraí taighde idirnáisiúnta.

**Inrochtaineacht Phoiblí**
Beidh rochtain ag an bpobal ar an mbunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh ar na suíomhanna seo a leanas:
https://www.iea.nl/data-tools/repository/timss (Amstardam, An Ísiltír)
https://timssandpirls.bc.edu/index.html (Bostún, SAM)

Tá na sonraí go léir sa bhunachar sonraí anaithnid, agus, mar sin, ní féidir iad a cheangal le daoine aonair gan eolas breise, a choimeádtar as féin, a úsáid, agus cinntítear a shlándáil trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla a úsáid.

**Cinnteoireacht uathoibrithe agus próifíliú**
Déantar cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh, de réir RGCS.

**Cearta na nDaoine is ábhar do na Sonraí**
Bronnann RGCS na cearta seo a leanas ort mar dhuine is ábhar do na sonraí:

- An ceart chun toiliú a tharraingt siar, más ar thoiliú atá próiseáil bunaithe – Airteagal 7 RGCS
- An ceart chun a bheith ar an eolas – Airteagail 13 agus 14 RGCS
- An ceart rochtana – Airteagal 15 RGCS
- An ceart chun go gceartófaí sonraí – Airteagal 16 RGCS
- An ceart scriosta sonraí – Airteagal 17 RGCS
- An ceart chun próiseáil a shrianadh - Airteagal 18 RGCS
- An ceart chun iniomparthacht sonraí - Airteagal 20 RGCS
- An ceart chun agóid a dhéanamh - Airteagal 21 RGCS
- An ceart gan a bheith faoi réir cinntí atá bunaithe ar chinnteoireacht uathoibrithe amháin ar phróifíliú – Airteagal 22 RGCS
- An ceart gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta – Airteagal 77 RGCS

Is é an t-údarás ábhartha in Éirinn lenar féidir gearán a dhéanamh ná:
An Coimisiún um Chosaint Sonraí
6 Rae Pheambróg
BÁC 2
D02 X963
Éire
Suíomh Gréasáin: www.dataprotection.ie